Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Nollaig 2021
(OR. en)

14778/21

ECOFIN 1221
UEM 373
FIN 982

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14077/21 ECOFIN 1109 UEM 340 FIN 904 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *'Commission's surveillance of Member States exiting a macroeconomic adjustment programme: an appropriate tool in need of streamlining'* (Faireachas an Choimisiúin ar Bhallstáit atá i mbun clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a fhágáil: uirlis iomchuí a bhfuil cuíchóiriú de dhíth uirthi)<br>– Conclúidí ón gComhairle (Comhairle ECOFIN an 7 Nollaig 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 18/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Commission's surveillance of Member States exiting a macroeconomic adjustment programme: an appropriate tool in need of streamlining* [Faireachas an Choimisiúin ar Bhallstáit atá i mbun clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a fhágáil: uirlis iomchuí a bhfuil cuíchóiriú de dhíth uirthi] a d'fhormheas Comhairle ECOFIN ag an 3835ú cruinniú a bhí aici, an 7 Nollaig 2021.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**TUARASCÁIL SPEISIALTA UIMH. 18/2021 Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA:**
***COMMISSION'S SURVEILLANCE OF MEMBER STATES EXITING A MACROECONOMIC ADJUSTMENT PROGRAMME: AN APPROPRIATE TOOL IN NEED OF STREAMLINING***
**[FAIREACHAS AN CHOIMISIÚIN AR BHALLSTÁIT ATÁ I mBUN CLÁR COIGEARTAITHE MAICREACNAMAÍOCH A FHÁGÁIL: UIRLIS IOMCHUÍ A bhFUIL CUÍCHÓIRIÚ DE DHÍTH UIRTHI]**

Maidir le COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *Commission's surveillance of Member States exiting a macroeconomic adjustment programme: an appropriate tool in need of streamlining* [Faireachas an Choimisiúin ar Bhallstáit atá i mbun clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a fhágáil: uirlis iomchuí a bhfuil cuíchóiriú de dhíth uirthi];

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí agus moltaí na Cúirte maidir le gníomhaíochtaí faireachais iarchláir an Choimisiúin. AITHNÍONN SÍ conclúid fhoriomlán thuarascáil speisialta CIE gurbh iomchuí faireachas an Choimisiúin ar Bhallstáit atá i mbun clár coigeartaithe maicreacnamaíoch a fhágáil.

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur dhírigh raon feidhme an iniúchta ar ról an Choimisiúin agus ar mheasúnú ar éifeachtacht an fhaireachais iarchláir. I gcás faireachas feabhsaithe, níl an nós imeachta in úsáid ach le tréimhse réasúnta gearr agus d'aon Bhallstát amháin mar uirlis faireacháin iarchláir.

4. AITHNÍONN SÍ creat casta athraitheach institiúideach an fhaireachais iarchláir inarb é an Coimisiún an príomhghníomhaí atá páirteach, ag gníomhú i gcomhar le hinstitiúidí eile (BCE, SCE agus CAI).

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a eisceachtúla atá na dúshláin eacnamaíocha agus airgeadais atá roimh na Ballstáit a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ar chúnamh airgeadais i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais.

6. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil rochtain ar an margadh bainte amach arís, ag rátaí úis inghlactha, ag gach Ballstát atá faoi fhaireachas iarchláir agus faoi fhaireachas feabhsaithe agus go bhfuil na hoibleagáidí aisíocaíochta á gcomhlíonadh acu.

7. ADMHAÍONN SÍ go léiríonn an t-iniúchadh ar dhearadh, cur chun feidhme agus éifeachtacht an fhaireachais iarchláir agus an chreata faireachais fheabhsaithe gur féidir feabhas a chur ar an gcreat faireachais féin agus ar a chur chun feidhme freisin. De réir thuarascáil speisialta CIE, d’fhéadfaí a áireamh leis sin inter alia gníomhaíochtaí faireachais a chuíchóiriú d’fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chreata a mhéadú, an t-ualach riaracháin ar an gCoimisiún agus na Ballstáit a laghdú d’fhonn dúbailt oibre a sheachaint, agus an tsolúbthacht a mhéadú.

8. ADMHAÍONN SÍ go raibh an comhar idir an Coimisiún agus na hinstitiúidí comhpháirtithe éifeachtúil ar an iomlán, go bhfuil iarrachtaí déanta cheana an t-ualach sna Ballstáit a laghdú trí mhisin faireachais iarchláir a chomhcheangal le sruthanna oibre eile agus trí shocruithe lena n-éascaítear malartú faisnéise.

9. ADMHAÍONN SÍ gur deacair tionchar an fhaireachais ar mhuinín an mhargaidh a mheas as féin ós rud é go bhfuil tionchar ag go leor fachtóirí ar dhul chun cinn i leith athchóirithe arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit.

10. MEABHRAÍTEAR DI go n-éilítear measúnú ar staid eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais na mBallstát lena mbaineann faoin gcreat faireachais agus nach gá, dá bhrí sin, béim níos cúinge a leagan ar an acmhainneacht fiach-sheirbhíse faoin gcreat dlíthiúil reatha, rud ar ar tharraing an Chúirt aird. ADMHAÍONN SÍ gur féidir sineirgí a fheabhsú le gníomhaíochtaí faireachais eile a chuireann le hanailís níos leithne ar an staid eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais.

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go nglacann an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte Iniúchóirí agus go bhfuil geallta aige iad a bhreithniú i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an rialachas eacnamaíoch gan dochar d’aon tograí sonracha a bheidh ann amach anseo chun an creat dlíthiúil a leasú.

12. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na léargais atá sa tuarascáil tráthúil i bhfianaise athsheoladh an athbhreithnithe ar an rialachas eacnamaíoch, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI rannchuidiú na Cúirte leis an díospóireacht.